| **Droichead: Nuashonrú Théarma 3 2023.2024** | |
|---|---|
| Uimhreacha maidir le Droichead (ag 09.05.2024)<br>• 2,394: Líon na scoileanna a oileadh i bpróiseas Droichead<br>• 8,656: Baill lánoilte den Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG) Bunscoile<br>• 2,415: Líon na n-iarratas a fuair an Chomhairle Múinteoireachta ar Droichead ó Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) bunscoile sa bhliain seo<br>• 1,316: Líon na mbunscoileanna atá ag tacú le MNCanna faoi láthair i bpróiseas Droichead | |
| **Próiseas Droichead á thabhairt chun críche - Faisnéis**<br><br>**Thábhachtach do MNCanna agus do Chomhaltaí FTG** | • Nuair a chomhlánóidh MNCanna a bpróiseas Droichead go hiomlán, ba cheart go gcomhlánódh siad a bhFoirm D ar líne tríd an Mo Thairseach Chlárúcháin. Ní mór é seo a chur isteach roimh **Dé hAoine an 26 Iúil.**<br>• Ní cheart do bhaill an FTG Foirm D a shíniú go dtí go gcomhlánaíonn MNC gach gné den phróiseas Droichead.<br>• Tugann doiciméad tacaíochta na Comhairle Mhúinteoireachta Iarratas d'Fhoirm D Droichead a Chomhlánú Ar Líne (ar fáil trí Bhéarla amháin) cur síos soiléir ar an nós imeachta maidir le Fhoirm D Droichead a chomhlánú. Tá físeán ar fáil a chuireann síos ar an nós imeachta.<br>• D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta na 3 Phríomhchúis Maidir le Foirmeacha D a Thabhairt ar Ais. Moltar do bhaill an FTG agus MNCanna eolas a chur orthu seo sula gcuirfear Foirm D isteach.<br>• Nuair a chomhlánaítear Foirm D agus nuair a chuirtear isteach é, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú uirthi sula gcláraítear an múinteoir go hiomlán, más cuí.<br>• Tá an ceart ag an gComhairle Mhúinteoireachta an doiciméadacht ar fad a fhaightear a dhearbhú. Dearbhaítear Foirmeacha D comhlánaithe le baill an FTG ar bhonn rialta. Glacann an Chomhairle Mhúinteoireachta go dáiríre le haon bhrionnú faisnéise agus féadfaidh gníomh smachtaithe a bheith ann mar thoradh air. |
| **Guth an MNC** | • Scaip an Ceistneoir Maidir le Guth MNC ar na MNCanna atá i do scoil faoi láthair le do thoil.<br>• Tugtar an deis sa cheistneoir seo do na MNCanna aiseolas a chur ar fáil faoina n-eispéireas sa phróiseas Droichead.<br>• Táimid ag tnúth le Tuairisc Ghutha an MNC a fhoilsiú agus é a roinnt ar ár suíomh gréasáin i dTéarma 1 de 2024.2025. |


cc BY NC

| | |
|---|---|
| **Suíomh Gréasáin Oide** | • Is féidir rochtain a fháil sa chuid Rannóg Ionduchtaithe Droichead de www.oide.ie ag www.oide.ie/ga/droichead/baile/primary<br>• Sna míonna romhainn amach, uaslódálfaimid tuilleadh faisnéise agus acmhainní a bhaineann leis an bpróiseas Droichead sa chuid seo den suíomh gréasáin. |
| **Na Meáin Shóisialta: X** | • Lean @Oide_Droichead ar X le do thoil, chun coinneáil cothrom le dáta le nuacht agus imeachtaí. |
| **Faisnéis Thábhachtach do 2024.2025** | |
| **Oiliúint FTG 2024.2025** | • Sa chás go bhfágfadh ball den FTG an scoil, nó go n-éireodh siad tinn srl., féadann scoil ball den FTG nua a iarraidh le hoiliúint.<br>• Ní mór beirt bhaill den FTG ar a laghad a bheith ar fáil chun tacú le MNC tríd an bpróiseas Droichead. Muna bhfuil ach **ball FTG amháin fágtha** sa scoil, déan iarratas d'oiliúint FTG trí theagmháil a dhéanamh le aine.kilbride@oide.ie mar bheart práinne.<br>• Tá iarratais maidir le hOiliúint d'FTG don scoilbhliain 2023.2024 dúnta anois. Beidh scoileanna in ann cur isteach ar oiliúint an FTG don scoilbhliain 2024.2025 ón 2 Mheán Fomhar 2024. |
| **Sonraí maidir le Baill an FTG** | • Mar bhall den FTG, iarrtar ort a chinntiú go bhfuil do chuid sonraí cothrom le dáta ar 'Mo Thairseach Chlárúcháin' na Comhairle Múinteoireachta le go bhféadfaidh MNCanna tú a roghnú mar ball dá FTG in 2024.2025. |
| Gabhann an Rannóg Ionduchtúcháin Droichead buíochas leis na Príomhoidí agus le baill an FTG as an tacaíocht a chuireann siad ar fáil do na comhghleacaithe is nuaí againn. | |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers